

Clár**Nuacht ón gComhairle**

Ceapadh Comhairle nua	1
Fóram Comhairleach	2
Tuarascáil Bhliantúil 2009	2

Mír SENO

Cuireann Baile Átha Cliath Thuaidh fáilte roimh Fhorálacha Nua le haghaidh Daltaí a bhfuil Uathchas orthu	3
---	---

An tEolas is deireanaí faoi thaighde an NCSE

Tionscadal IRIS Comhdháil Taighde an NCSE 2009	4
	5

Oideachas Speisialta

Creatlach Uileghabhálach do Scoileanna	6
--	---

Ag obair le scoileanna agus le tuismitheoirí

An t-eolas is deireanaí faoi Phróiseas Nua Achomhairc a chur i bhfeidhm	7
Tuarascáil ar an Athbheithniú ar Dháileadh Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar Scoileanna	7

Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna Comhairle nua

Téarma oifige: 1 Eanáir 2010 – 31 Nollaig 2013

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna Comhairle nua do théarma trí bliana ón 1 Eanáir 2010 os rud é go raibh téarma oifige iar-Chomhairle an NCSE istigh ar an 31 Nollaig 2009. Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna Cathaoirleach agus 12 bhall eile den Chomhairle faoi Mhír 21 den Acht um Riachtanas Speisialta, 2004. Ceapann an tAire daoine a bhfuil suim ar leith nó eolas acu a bhaineann le hoideachas do leanaí atá faoi mhíchumas. Ina measc tá beirt ar thug an

tÚdarás Míchumais Náisiúnta a n-ainmneacha don Aire agus duine a d'ainmnigh an tAire Sláinte agus Leanaí. Maireann na ceapacháin trí bliana agus is féidir baill a cheapadh ar feadh dhá théarma ar a mhéad.

Bíonn cruinnithe ag an gComhairle sé huaire in aghaidh na bliana, ar a laghad agus bhí trí chruinniú ag an gComhairle nua cheana féin i 2010. ■

Baill Chomhairle an NCSE 2010 – 2013

An tUasal Sydney Blain (Cathaoirleach).

Iar-Phríomhoide ar Choláiste Oideachais Eaglais na hÉireann is ea an tUasal Blain.

An tSiúr Maighréad Ní Ghallchobhair

(Leas-Chathaoirleach). Iar-Phríomhoide ar Scoil Benincasa do leanaí a bhfuil mór-dheacrachtaí mothúchána/iompair acu.

An Dochtúir Seamus Hegarty. Tá an

Dochtúir Hegarty ina Chathaoirleach ar an gComhairle Idirnáisiúnta um Measúnú ar Ghnóthachtáil Oideachasúil (IEA) agus is iar-Stiúrthóir é ar an bhFondúireacht Náisiúnta do Thaighde san Oideachas i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.

Tom O'Sullivan. Tá an tUasal O' Sullivan ina Ardúnaí Cúnta ar Chumann Múinteoirí

Éireann agus ina iar-Phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Naomh Seanán, Luimneach.

Teresa Griffin. Tá Ms Griffin ina Príomh-Oifigeach sa Rannóg Oideachais Speisialta den Roinn Oideachais agus Scileanna.

Don Mahon. Tá an tUasal Mahon ina Príomh-Chigire Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Siobhan Barron. Tá Ms Barron ina Stiúrthóir ar an Údarás Míchumais Náisiúnta.

An Dochtúir Anne Lodge.* Tá an Dochtúir Lodge ina Príomhoide ar Choláiste Oideachais Eaglais na hÉireann.

Joan Russell.* Tá Ms Russell ina hOifigeach Oideachais do Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí.

Pat Kinsella.* Tá an tUasal Kinsella ina Príomhoide ar Choláiste Choilm, Baile an Chollaigh, Contae Chorcaí.

Julie O'Leary.* Céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh is ea Ms O' Leary agus tá sí ina hiar-chéimí faoi láthair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Marie Kennedy.* Tá Ms Kennedy ina Príomh-Oifigeach in Oifig an Aire Míchumais agus Meabhairshláinte.

Mick Coughlan.* Tá an tUasal Coughlan ina Príomh-Shiceolaí Cliniciúil sa Ghréasán Foghlama Náisiúnta.

* Baill nua

Is féidir altanna le haghaidh foilsithe agus tuairimí faoin nuachtlitir a chur i ríomhphost chuig: newsletter@ncse.ie.

Baineann na tuairimí a chuirtear in iúl sa nuachtlitir seo leis na húdair ar leith agus ní gá go gceadódh an Chomhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta iad.

Baill Nua an NCSE



Mick Coughlan (ainmnithe ag an nGréasán Foghlama Náisiúnta), Sydney Blain, Cathaoirleach na Comhairle, Marie Kennedy (Roinn Sláinte agus Leanaí) agus Joan Russell (Oifigeach Oideachais, Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí)

Fóram Comhairleach

Faoi Mhír 22 den Acht Oideachais (2004) do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, tá ar an NCSE Fóram Comhairleach a cheapadh chun plé a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cur i gcrích a chuid cúraimí. Toisc go raibh téarma oifige an chéad Fhórait thart, lorg an NCSE ainmniúcháin don dara Fóram Comhairleach faoin 22 Aibreán 2010.

Is féidir leis an gComhairle suas chuig seacht nduine dhéag a cheapadh ar an bhFóram Comhairleach agus agus ní mó ná an líon sin. Caithfidh sé a chinntiú go gceaptar seachtar ban agus seachtar fear ar a laghad. Is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna

triúr ar a mhéad a cheapadh ar an bhFóram Comhairleach agus caithfear bean amháin agus fear amháin a cheapadh ar a laghad. Ní mór don gComhairle agus don Aire ar aon a chur san áireamh go bhfuil sé inmhianaithe daoine a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, a dtuismitheoirí agus a n-ionadaithe a cheapadh agus daoine ar an bhFóram Comhairleach á gceapadh acu.

Faoi láthair tá an Chomhairle agus an tAire ag breithniú ainmniúcháin atá faighte. Cuirfear ainmneacha bhaill an Fhórait Chomhairligh nua ar shuíomh gréasáin an NCSE chomh luath agus a dhéantar ceapacháin nua a fhaomhadh.

Tuarascáil Bhliantúil an NCSE do 2009

Foilseofar Tuarascáil Bhliantúil an NCSE do 2009 ar shuíomh greasáin an NCSE go luath. Cuirtear béim ar na príomh-nithe a bhain an eagraíocht amach le linn 2009 mar seo:

Príomh-Nithe a Baineadh Amach in 2009

1. Cuireadh dáileadh bliantúil acmhainní NCSE do scoileanna, chun tacú le leanaí le riachtanais speisialta oideachais, i gcrích go tráthúil.
2. Clár Taighde cuimsitheach curtha chun cinn le roinnt léirmheasanna litríochta idirnáisiúnta maidir le fianaise faoi sholáthar dea-chleachtais agus le coimisiúnú breis tionscadal taighde mar chuid de chlár aontaithe curtha i gcrích.
3. Tionóladh céad sheimineár taighde an NCSE i mí na Nollag 2009. Chuir an seimineár seo forbheathnú ar chlár taighde reatha an NCSE ar fáil agus léirigh sé taispeántais ar roinnt tuairiscí taighde tábhachtacha a cuireadh i gcrích in 2009.
4. Tús curtha le Próiseas struchtúrtha Achomhairc inar féidir le scoileanna agus le tuismitheoirí, más cuí, iarracht a dhéanamh achomharc a chur ar siúl in aghaidh chinneadh an Eagraí Speisialta Oideachais maidir leis na hacmhainní a cuireadh ar fáil don scoil agus do phíolótú an phróisis seo.
5. Cuireadh córas áitiúil ar fáil maidir le Measúnú Riachtanas do leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois, faoi Chuid 2 den Acht Míchumais 2005 ina bhfuil comhoibriú áitiúil idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tSeirbhís Shiceolaíoch Oideachasúil Náisiúnta (NEPS) agus an Chomhairle Náisiúnta le haghaidh Oideachais Speisialta (NCSE).
6. Seoladh nuachtlitir nua an NCSE, Nuacht NCSE le ceisteanna ar líne i mBealtaine mí Bhealtaine agus i mí na Nollag 2009.
7. Cuireadh tús le hathbhreithniú náisiúnta ar dháileadh Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar iarratas ón Aire Oideachais agus Scileanna.
8. Rinne Eagraithe ar Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) próiseáil ar 11,000 iarratas ar uaireanta teagaisc breise i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.
9. Rinne SENO próiseáil ar bhreis agus 4,600 iarratas ar thacaíocht ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.
10. Rinneadh breis forbartha ar rialachas an NCSE agus ar bhonneagar eagraíochtaí chun deimhin a dhéanamh de gur comhlíonadh Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Eagraíochtaí Stáit 2009.

Cuireann Baile Átha Cliath Thuaidh Fáilte Roimh Fhorálacha Nua le haghaidh Daltaí a bhfuil Uathachas orthu

Oscailt Aonad Nua Luath-Idirghabhála ag Scoil Bhríde, Scoil Náisiúnta Shóisir, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13

Tá an-áthas ar Scoil Bhríde, Scoil Náisiúnta Shóisir, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 a fhógairt gur osclaíodh Aonad Luath-Idirghabhála do leanaí a bhfuil uathachas orthu le déanaí. Dea-scéal is ea é do thuismitheoirí agus don scoil araon go bhfuil an riachtanas seo á chomhlíonadh. Tá an-áthas ar thuismitheoirí go bhfuil an deis seo ag a leanaí freastal ar rang den chineál seo toisc go bhfuil sé ag comhlíonadh riachtanais a leanaí agus go bhforbraíonn sé dearcadh dearfach maidir le huileghabhálacht.

Tá cúigear buachaillí atá ag aois réamh-scolaíochta ag freastal ar an aonad agus i gceann cúpla seachtain beidh cailín beag ag teacht go dtí an t-aonad. Tá aonad nua saintógtha le céad méadar cearnach ann ina bhfuil seomra ranga, leithris agus seomra céadfach a húsáidtear mar sheomra teiripe chomh maith.


Ceapadh Ms Carol-Ann Ó Sioráin mar mhúinteoir ranga agus tá Michelle Walsh-Dowdall (CRS – Cúntóir Riachtanais Speisialta) agus Colette Carroll (CRS) mar chúntóirí cumasacha aici. Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh leo as a gceapacháin nua agus guímid rath orthu ina bpoist nua. Cuirtear modh oideachais eicléictiúil i bhfeidhm agus úsáidtear LÁMH agus PECS chun feabhas a chur ar chumarsáid.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'Aonad Tógála na Roinne Oideachais agus Scileanna as a thacaíocht don tion-scadal seo agus, go háirithe, do Alan Mc Intyre as a chrua-obair agus as a chuid foighne i rith an phróisis.

Ba mhaith le Scoil Bhríde cabhair ón SENO, Margaret Carolan, maidir le bunú an aonaid agus an tacaíocht atá á fáil againn ó Theach Naomh Micheál, a chur in iúl. Táimid ag tnúth le tús a chur lenár Rang Sóisearach i Meán Fómhair 2010.

Tá rang nua do dhaltáí a bhfuil uathachas orthu tosaithe i Scoil Phobail na Gráinsí i nDomhnach Míde. Is é seo an dara scoil den chineál seo i réigiún Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus is áis oiriúnach í do dhaltáí iarbhunoideachais a bhfuil fadhb shláinte mar seo acu i réigiún Bhaile Átha Cliath. Tapaímid an deis chun gach rath a ghuí ar an nGráinseach.

Ba mhaith le NCSE tacaíocht agus tiomantas Phríomhoide na scoile, Áine Dillon agus an Bord Bainistíochta a chur in iúl.



Grianghraf de Sheomra Céadfach

Aonad Nua Uathachais i gColáiste Pobail na Gráinsí

Go déanach in Eanáir 2010, i ndiaidh míonna ag ullmhú agus ag deisiú, d'oscail doirse ár n-aonaid nua den chéad uair. Bhí sceití míní ar ár gcuid daltaí agus thosaigh ré nua i stair na Gráinsí.

Eispéireas nua dom féin agus do na múinteoirí agus don scoil is ea aonad uathachais. Ghlac foireann agus daltaí na scoile leis an aonad go dearfach agus le díograis. Ón uair a d'oscail an t-aonad tháinig scata cuairteoirí agus bhí fonn orthu níos mó a fháil amach faoin aonad. Bhí fonn ar na gnáth-dhaltáí, go háirithe daltaí na chéad bhliana, bualadh leis na daltaí nua agus bhíodar ag tnúth le páirt a ghlacadh in imeachtaí uileghabhálacha leo.

Tá na háiseanna atá againn geal agus scópúil. Tá sárobair déanta ag an gCoiste Gairmoideachais chun timpeallacht oibre iontach a chur ar fáil do na daltaí seo. San áireamh in ár n-áiseanna tá: stáisiún oibre aonair le ríomhaire, stáisiún ealaíne, seomra céadfach/ciúin, cistin le gach áis, clár bán comhtháite agus cúinne léitheoireachta le cathaoireacha boga chun do scéith a ligint iontu.

Tá na daltaí socraithe síos agus is breá leo teacht ar scoil. Tá beirt de na daltaí sna gnáthranganna agus tá bealaí luaite ag múinteoirí chun áiteanna a chur ar fáil do na daltaí eile. Táimid ag tnúth anois leis an oscailt oifigiúil go luath.

Ba mhaith leis an gComhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach san fhorbairt seo, Coiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath, an Príomhoide, Frank Costello agus foireann acmhainne agus an tEagraí Riachtanais Speisialta, Margaret Carolan san áireamh as an obair chrua agus as an tiomantas don tionscadal seo a léirigh siad.

Tionscadal IRIS



Tionscadal a mhaireann ar feadh trí bliana is ea Tionscadal IRIS (Taighde Uileghabhálach i Scoileanna na hÉireann). Tá sé á mhaoiniú ag an NCSE arb í an eagraíocht í a bhfuil an staidéar is mó ar oideachas speisialta agus uileghabhálach a cuireadh ar siúl riamh in Éirinn ar bun aige. Tá comhbhainistiú ar an tionscadal seo ag Ollscoil Northampton sa Ríocht Aontaithe, ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ag Institiúid Oideachais an Linbh agus Psychology Europe. Tá ilpheirspeictíochtaí á bhfáil ag an tionscadal, daltaí, tuismitheoirí, foirne scoile, comhoibrithe gairmiúla agus grúpaí míchumais chun léargas a fháil ar na cleachtais reatha agus ar na modhanna a thugann tacaíocht do dhaoine óga le riachtanais speisialta oideachais i ngnáthscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Tá taighdeoirí atá ag obair ar an tionscadal seo ag díriú faoi láthair ar obair na mbunscoileanna agus na scoileanna speisialta agus an bhliain seo chugainn díreoidh siad ar na hiarbhunscoileanna. Le sé mhí anuas, bhailigh grúpaí fócais, ina raibh daoine a bhain úsáid as seirbhísí agus a chuir seirbhísí ar fáil, sonraí. Le déanaí tá an fócas ar chás-staidéir a dhéanamh atá bunaithe ar shampla de na gnáthscoileanna agus na scoileanna speisialta ar fud na hÉireann. Le linn an ama seo, tá an fhoireann taighde ag cur agallamh ar dhaoine gairmiúla, ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí i scoileanna, ag féachaint ar cheachtanna ranga agus ar ócáidí eile sna scoileanna agus ag déanamh scrúdú ar dhoiciméid scoile. Tá sé seo ag cabhrú chun tuiscint a fháil ar na nua-chleachtais atá

i bhfeidhm faoi láthair chun tacú le daltaí le réimse leathan riachtanas agus míchumas ó ilpheirspeictíochtaí. Leanfar méid áirithe de na daltaí seo le linn an dá bhliain atá le teacht. Ina measc beidh roinnt a aistreoidh ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil.

Tá tuilleadh eolais á lorg trí shuirbhé leictreonach a cuireadh chuig scoileanna agus trí mheán léirmheasanna liteartha a scrúdóidh cleachtais in Éirinn i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tá an-áthas ar an bhfoireann taighde as an bhfáilte chroíúil a cuireadh rompu i scoileanna agus as an deis chun plé gairmiúil a dhéanamh le comhleacaithe. Cuirfear fáilte roimh idirphlé breise leis an bhfoireann agus táthar ag súil go mbeidh an bunachar sonraí is mó maidir le hoideachas speisialta a bailíodh riamh in Éirinn tiomsaithe agus go mbeidh níos mó eolais ann ná mar atá ar fáil i mórán tíortha eile nuair a chríochnóidh tionscadal IRIS.

Tugtar cuireadh do gach comhleacaí a bhfuil suim aige in oideachas uileghabhálach idirphlé a dhéanamh le baill na foirne tionscadail. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo trí ríomhphost ag: info@projectiris.org nó trí theagmháil a dhéanamh leis an gceannaire tionscadail, An tOllamh Richard Rose ag: Richard.Rose@northampton.ac.uk

Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin an tionscadail ag: www.projectiris.org

Cuirfear eolas nua faoin tionscadal ar fáil in eagrán den nuachtlitir amach anseo.

Comhdháil Taighde an NCSE i Mí na Nollag 2009



An tOllamh Marc Marschark,
Institiúid Teicniúil do na
daoine bodhra, Nua Eabhrac



An Dochtúir Sarah Parsons agus An Dochtúir
Karen Guldberg, Ollscoil Birmingham



An tUasal Peter Baldwin, Roinn
Oideachais agus Scileanna, agus
An Dochtúir Seamus Hegarty,
Comhairle an NCSE

Chuir údair na dtuarascálacha a críochnaíodh le déanaí taispeántais dá saothair i láthair ag seimineár taighde an NCSE. Dheileáil siad le ceisteanna a bhain le hoideachas leanaí a bhfuil uathachas orthu, le leanaí atá bodhar nó a bhfuil beagán allaire orthu agus le leanaí a bhfuil lagradharc acu agus leis an ról a bheidh ag scoileanna speisialta agus le ranganna speisialta san am atá le teacht.

Tá na ceithre thuarascáil thaighde seo ar fáil anois. Is féidir iad a íoslódáil ar shuíomh gréasáin an NCSE ag: <http://www.ncse.ie/research/researchreports.asp>

Ó chlé:
An Dochtúir
Graeme
Douglas,
Ms Anne-
Marie Farrell,
An Dochtúir
Mike
Mc Linden,
An Dochtúir
Jean Ware
agus An tUasal
Don Mahon



Ó chlé: An Dochtúir Jean Ware, An Dochtúir Joe Travers, An Dochtúir
Therese Day, Ms Anne-Marie Farrell agus An tUasal Don Mahon



An tUasal Sydney Blain,
Cathaoirleach NCSE

Creatlach Uileghabhálach san Oideachas Speisialta do Scoileanna

Ceann de na bearta a eascraíonn as Ráiteas Straitéise an NCSE, 2008-2011 is ea go bhforbrófar creatlach don oideachas speisialta. Bhunaigh an NCSE grúpa comhairleach idir-ghníomhaireachta ina raibh páirtithe a bhain le hoideachas agus le míchumas chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair seo ar bhonn náisiúnta.

Tá an creatlach oiriúnach do gach cineál oideachais, do na gnáthscoileanna agus do na scoileanna speisialta ar bhonn féin-mheasúnachta agus ar bhonn deonach. Tá sé i gceist go gcuirfidh Creatlach Uileghabhálach an NCSE comharthaí soiléire ar fáil chun tacú le scoileanna cúrsa i dtreo an uileghabhálachais a leagan amach. Tacaíonn sé leis an dea-obair atá ar siúl i scoileanna agus is acmhainn phraiticiúil é a mholann do scoileanna machnamh a dhéanamh go criticiúil agus luacháil a dhéanamh ar na bealaí ina léirítear luachanna uileghabhálacha agus cleachtais laistigh den scoil agus den seomra ranga.

Baineann an Chreatlach le deich limistéar bhunúsacha:

1. Cinnireacht agus Bainistíocht
2. Pleanáil Forbartha Uile-Scoile
3. Timpeallacht Uile-Scoile
4. Cumarsáid
5. Leas an Dalta agus na Foirne
6. Pleanáil Curaclaim don Uileghabhálachas
7. Pleanáil Oideachais Aonair
8. Straitéisí Teagaisc agus Foghlama
9. Bainistíocht an tSeomra Ranga
10. Tacaíocht agus Aitheantas don Fhoghlaim

Tá dréacht den Chreatlach Uileghabhálach seo á thástáil mar scéim phíolótach i ndeich scoil timpeall na tíre. Tá tuairimí na bpearsana scoile atá bainteach leis an scéim phíolótach agus tuairimí páirtithe leasmhara oideachais eile á lorg chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh an Chreatlach agus an teimpléad féin-mheasúnaithe chomh cuimsitheach, chomh mór in oiriúint don úsáideoir agus chomh oiriúnach agus is féidir.

Tiocfaidh an grúpa comhairleach idirghníomhaireachta le chéile i rith an tsamhraidh chun aiseolas ón scéim phíolótach agus ón bpróiseas comhairleach a mheas agus chun an Chreatlach a chríochnú. Táthar ag súil go gcuirfear an leagan deireanach den Chreatlach os comhair Chomhairle an NCSE i mí Dheireadh Fómhair. Ansin cuirfidh an NCSE tús le feachtas eolais chun úsáid na Creatlaí a spreagadh sna scoileanna.



An tEolas is Deireanaí faoi Phróiseas Nua Achomhairc a chur i bhfeidhm

Nuair a chríochnaigh an scéim phíolótach i mí Feabhra seo caite, cuireadh an próiseas achomhairc ar fáil i ngach scoil ar fud na tíre. Ó dheireadh mí Feabhra, d'fhéadfadh gach scoil agus gach tuismitheoir achomharc a thionscnamh dá mba rud é gur mheas siad nár chloígh an NCSE le paraiméadair pholasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le cinneadh a thógaint.

Ón am sin anall, chuir scoileanna agus tuismitheoirí líon beag achomharc chun cinn. Tá an próiseas achomhairc i bhfeidhm anois don phróiseas dailte acmhainne, 2010-2011.

Bunófar Coiste Comhairleach na nAchomharc Neamhspleách agus tionólfar an chéad chruinniú i nDeireadh Fómhair 2010. Déanfaidh an Coiste seo athbhreithniú ar fheidhmiú phróiseas an achomhairc maidir le próiseas iarratas 2010-2011. Beidh cathaoirleach neamhspleách, ionadaí ó chumainn bhainistíochta na scoileanna agus ionadaí na dtuismitheoirí ar an gCoiste. Cuirfidh an coiste tuarascáil faoi bhráid na comhairle. Foilseoidh an NCSE moltaí Choiste Comhairleach na nAchomharc maidir le feidhmiú phróiseas na n-achomharc chomh maith le tuairimí na Comhairle i dTuarascáil Bhliantúil na comhairle, 2010.

Is feidir sonraí faoi phróiseas na n-achomharc a fhail ar shuíomh gréasáin an NCSE ag: www.ncse.ie

Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar dháileadh Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar Scoileanna

Aibreán 2009 – Márta 2010

I mí Feabhra 2009, d'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an NCSE athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar gach bunscoil, gach scoil dara leibhéal agus gach scoil speisialta chun deimhin a dhéanamh de go raibh gá i gcónaí, de réir threoirlínte na Roinne, le dáileadh CRS i ngach scoil ina ndearnadh athbhreithniú.

Idir mí Aibreáin 2009 agus mí an Mhárta 2010, rinneadh athbhreithniú ar thart ar 2,900 scoil as 3,150 scoil ina raibh CRS. Meastar go ndéanfar athbhreithniú ar an 250 scoil atá fágtha roimh dheireadh na bliana acadúla 2009-10.

Léirigh toradh an athbhreithnithe ag deireadh mí Mhárta 2010 nach raibh 358 as 8,821 de choibhéis postanna lánaimseartha ag teastáil a thuilleadh. Is ceart an figiúr seo a thuiscint i gcomhthéacs na scoileanna ar fad a ndearnadh suirbhé orthu mar bhí méadú ar dháileadh CRS i roinnt scoileanna agus laghdú ar dháileadh i scoileanna eile mar thoradh an athbhreithnithe.

Is féidir an tuarascáil iomlán a cuireadh ar fáil don Aire a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an NCSE ag: www.ncse.ie

